Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2024
(OR. en)

16983/24

ELARG 189
COWEB 218
COEST 750

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 17 Nollaig 2024.

## AN CHOMHAIRLE GNÓTHAÍ GINEARÁLTA

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MÉADÚ

1. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 maidir le Beartas an Aontais um Méadú, ina bhfuil tuarascálacha maidir le Montainéagró, an tSeirbia, an Albáin, an Mhacadóin Thuaidh, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, an Tuirc, an Úcráin, Poblacht na Moldóive (dá ngairfear: an Mholdóiv anseo feasta) agus an tSeoirsia.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas don mhéadú i gcomhréir leis an **gcomhthoil athnuaite** i ndáil leis an méadú a d'fhormheas an Chomhairle Eorpach i mí na Nollag 2006, i gconclúidí ón gComhairle agus ón gComhairle Eorpach ina dhiaidh sin, agus i g**Clár Oibre Straitéiseach an Aontais 2024-2029, a glacadh i mí an Mheithimh 2024**. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle a eisíodh roimhe seo, agus faoi chuimsiú chritéir pholaitiúla Chóbanhávan, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil gá le coinníollacht chothrom dhocht, le prionsabal na dtuillteanas dílis agus leis an in-aisiompaitheacht. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh an tAontas in ann forbairt an Aontais féin a choinneáil ar bun agus a dhoimhniú, lena n-áirítear acmhainneacht an Aontais baill nua a lánpháirtiú. Is díol sásaimh don Chomhairle an bheocht nua sa phróiseas méadaithe, agus leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé go nglacfadh na comhpháirtithe úinéireacht ar a ngealltanais, agus go léireodh siad inchreidteacht a dtola polaitiúla, trí athchóirithe riachtanacha a chur chun feidhme agus trí dhul chun cinn nithiúil a dhéanamh ar na bunphrionsabail.

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

3. **Infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas** is ea an méadú. Is spreagadh é chun feabhas a chur ar dhálaí eacnamaíocha agus sóisialta na saoránach Eorpach, chun éagothromaíochtaí ó thír go tír a laghdú agus caithfidh sé na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chothú. Beidh tairbhí socheacnamaíocha forleathana ag baint le méadú an Aontais do na Ballstáit atá ann cheana agus do na Ballstáit a bheidh ann amach anseo. Agus ionchas ann go dtiocfaidh méadú ar an Aontas amach anseo, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit a bheidh ann amach anseo a bheith faoi réir. Ní mór do thíortha ar mhaith leo a bheith ina mBallstáit amach anseo dlús a chur lena n-iarrachtaí um athchóiriú, go háirithe i réimse an smachta reachta, i gcomhréir le cineál an phróisis aontachais atá bunaithe ar thuillteanas agus le cúnamh ón Aontas. Ag an am céanna, ní mór don Aontas an obair bhunaidh inmheánach agus na hathchóirithe is gá a dhéanamh, mar a luaitear i nDearbhú Granada. Fágfaidh sé sin go mbeidh an tAontas níos láidre agus go bhfeabhsófar ceannasacht na hEorpa.

4. Is léiriú eile ar a thábhachtaí atá an méadú mar thosaíocht straitéiseach don Aontas é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. **Athdhearbhaíonn** an Chomhairle a lántiomantas follasach do **pheirspictíocht na mBalcán Thiar, na hÚcráine, agus na Moldóive maidir le ballraíocht san Aontas**. Is tír is iarrthóir agus comhpháirtí tábhachtach in an-chuid réimsí comhleasa í an Tuirc i gcónaí. Meabhraítear don Chomhairle go gcuireann an ghníomhaíocht a rinne rialtas na Seoirsia conair Eorpach na Seoirsia i mbaol, rud a chuireann stop *de facto* leis an bpróiseas aontachais. Athdhearbhaíonn sí dlúthpháirtíocht dhaingean an Aontais le muintir na Seoirsia agus go bhfuil sí ullamh leanúint de thacaíocht a thabhairt do mhuintir na Seoirsia agus iad ar a gconair Eorpach, agus gur oth léi an ráiteas a rinne rialtas na Seoirsia le déanaí maidir le próiseas aontachais an Aontais a chur ar fionraí go dtí 2028.

5. Is den ríthábhacht i gcónaí go dtabharfadh na comhpháirtithe uile atá ag iarraidh dul isteach san Aontas urraim do na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, gealltanas go gcuirfidís na luachanna sin chun cinn, agus go gcomhlíonfaidís na hoibleagáidí is gá le haghaidh ballraíocht san Aontas. Is iad na príomh-thagarmharcanna lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn i dtreo ballraíocht san Aontas i gcónaí torthaí leanúnacha do-aisiompaithe i dtaca le hathchóirithe maidir leis na **bunphrionsabail**, lena n-áirítear an smacht reachta agus cearta bunúsacha, feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, riarachán poiblí agus critéir eacnamaíocha. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Choimisiúin sna réimsí sin mar ábhar tosaíochta.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an **smacht reachta** ar cheann de na bunluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, gur gné bharrthábhachtach den chlaochlú daonlathach é, agus nach féidir déanamh dá uireasa má táthar le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ballraíocht san Aontas.

7. Tá cosaint na **gceart bunúsach** i gcroílár luachanna an Aontais. Leanfaidh an Chomhairle de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na gcomhpháirtithe sa réimse sin agus meabhraítear di gur tosaíocht fhoriomlán é bearta inchreidte a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a tuairiscíodh. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé seasamh le cearta an linbh agus le cearta agus cóir neamh-idirdhealaitheach i ndáil le daoine ar de mhionlaigh iad agus le daoine i gcásanna leochaileacha, mar shampla na Romaigh, daoine faoi mhíchumas agus daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI) agus daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad. Maidir leis an gcomhionannas inscne, athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór cumhachtú agus tairbhiú iomlán chearta bunúsacha na mban agus na gcailíní a áirithiú. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, cosaint iriseoirí, saoirse agus iolrachas na meán ina bpríomhcholúin de shochaí dhaonlathach agus nach mór dóibh siúd ar mian leo a bheith ina gcomhpháirtithe ag an Aontas iad sin a áirithiú. Is gnéithe riachtanacha de dhaonlathas dea-fheidhmiúil i gcónaí iad timpeallacht chumasúcháin a áirithiú agus ról láidir a thabhairt d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear ról i bpróiseas an athchóirithe. Iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe uile aghaidh a thabhairt, ar bhonn práinne, ar na heasnaimh a tuairiscíodh, agus aird ar leith a thabhairt ar na saincheisteanna sistéamacha a thug an Coimisiún dá aire.

8. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé do na comhpháirtithe dul chun cinn inbhuanaithe a dhéanamh maidir le **hathchóiriú cuimsitheach ar an gceartas, comhrac an éillithe, lena n-áirítear deireadh a chur le holagarcachtaí, agus comhrac na coireachta eagraithe.** Is den ríthábhacht i gcónaí athchóirithe a chur chun feidhme agus dul chun cinn leanúnach a dhéanamh sna réimsí barrthábhachtacha sin.

9. Maidir leis na Balcáin Thiar, is gnéithe bunriachtanacha de phróiseas an mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais i gcónaí iad an **dea-chaidreamh comharsanachta agus an comhar réigiúnach**. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil gá fós le hiarrachtaí cinntitheacha chun an t-**athmhuintearas agus an chobhsaíocht réigiúnach** a chothú. Molann an Chomhairle go láidir do na comhpháirtithe a ndíospóidí déthaobhacha agus na saincheisteanna atá fréamhaithe san am atá caite a réiteach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis na prionsabail sheanbhunaithe, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Saincheisteanna Comharbais.

10. Is den ríthábhacht i gcónaí an comhar maidir le saincheisteanna an bheartais eachtraigh a neartú, agus tá coinne ag an gComhairle go ndéanfaidh na comhpháirtithe iad féin a ailíniú go hiomlán le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála** (CBES) an Aontais, lena n-áirítear bearta sriantacha. Is príomhghné de phróiseas lánpháirtithe an Aontais é an t-ailíniú sin agus is léiriú láidir é ar rogha straitéiseach an chomhpháirtí agus ar a áit i gcomhphobal atá bunaithe ar luachanna. Leanann an tAontas de bheith ag seasamh lena chomhpháirtithe sa chomhbheartas agus de chúnamh a thabhairt go háirithe dóibh siúd atá ailínithe go hiomlán leis. Tá sé fíorthábhachtach fós cosc a chur ar an teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais, lena n-áirítear na bearta a glacadh mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas leanúnach na gcomhpháirtithe do Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais (CBSC), lena n-áirítear an méid atá curtha ag formhór na gcomhpháirtithe le misin agus oibríochtaí de chuid an Aontais.

11. Is príomhthosaíocht é dúshláin na **mbagairtí hibrideacha** a chomhrac. Tá an tAontas tiomanta don chomhar le comhpháirtithe a dhoimhniú a thuilleadh, *inter alia* gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise a chomhrac, lena n-áirítear an bhréagaisnéis. Tá dlús á chur ag an Aontas freisin lena chuid oibre leis na comhpháirtithe chun cur i gcoinne insintí bréagacha na Rúise agus na bréagaisnéise faoi chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

12. Is den ríthábhacht i gcónaí **an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an radacú agus an choireacht eagraithe** a chomhrac. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí an comhar rathúil le comhpháirtithe sna réimsí sin a dhoimhniú a thuilleadh.

13. Is dúshlán práinneach i gcónaí í an **imirce neamhrialta**, agus ní mór comhar agus comhordú leanúnach a dhéanamh leis na comhpháirtithe uile ina leith. Molann an Chomhairle comhpháirtithe na mBalcán Thiar arís eile as a gcomhar cuiditheach agus molann sí an Tuirc as na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh aici chun ceann de na pobail dídeanaithe is mó ar domhan a óstáil.

14. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a ríthábhachtaí atá sé go ndéanfadh na comhpháirtithe a **mbeartais víosaí** a ailíniú le beartais víosaí an Aontais.

15. Glacann an Chomhairle leis go ndéanfadh na comhpháirtithe ar fad na buntáistí agus na hoibleagáidí a eascraíonn as a gconairí faoi seach i dtreo an Aontais, chomh maith lena dtiomantas do luachanna an Aontais agus do na hathchóirithe riachtanacha, **a chur in iúl** go soiléir agus go rialta dá muintir. Ag an am céanna, neartóidh an tAontas a chumarsáid straitéiseach maidir le próiseas an mhéadaithe.

16. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di gur léirigh formhór na ngeilleagar comhpháirtíochta athléimneacht shuntasach in ainneoin chogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin. Is den tábhacht go gcuirfidh na comhpháirtithe dlús leis na hathchóirithe struchtúracha is gá le haghaidh fás inbhuanaithe agus go ndéanfaidh siad dul chun cinn maidir leis na critéir eacnamaíocha le haghaidh ballraíocht san Aontas a chomhlíonadh.

17. Leanfaidh an tAontas de **thacaíocht** a thabhairt ar gach leibhéal do chlaochlú polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta na gcomhpháirtithe, bunaithe ar dhul chun cinn nithiúil maidir leis an smacht reachta agus le hathchóirithe socheacnamaíocha, agus ar a mhéid a chloífidh na comhpháirtithe le luachanna, rialacha agus caighdeáin an Aontais. Leanfaidh an tAontas de chúnamh suntasach airgeadais a thabhairt dá chomhpháirtithe faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) agus tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (ICFCI – an Eoraip Dhomhanda), chomh maith le cúnamh teicniúil, go háirithe agus trí Nascadh agus tríd an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise.

18. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí na comhpháirtithe a thabhairt níos gaire don Aontas, an bealach a réiteach le haghaidh aontachais, agus tairbhí nithiúla a thabhairt do shaoránaigh na gcomhpháirtithe fiú le linn phróiseas an mhéadaithe. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir le lánpháirtiú de réir a chéile le bliain anuas. Leanfaidh an Chomhairle den **lánpháirtiú de réir a chéile** a chur chun cinn a thuilleadh ar bhealach atá in-aisiompaithe agus bunaithe ar fhiúntas, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach in 2022 agus 2023, agus de bheith ag tógáil ar mhodheolaíocht athbhreithnithe an mhéadaithe. Tá an lánpháirtiú de réir a chéile fós faoi réir ailíniú ábhartha *acquis* an Aontais. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbainfí leas iomlán as féidearthachtaí na n-ionstraimí dlí atá ann faoi láthair. Agus í ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, tá an Chomhairle ag súil le scrúdú a dhéanamh ar thograí eile ón gCoimisiún.

19. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme leanúnach **an Phlean Fáis do na Balcáin Thiar** agus na **Saoráide don Úcráin**, agus go bhfuiltear ar an mbóthar ceart chun tacaíocht airgeadais agus cúnamh athchóirithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a sholáthar tríothu sin. Is díol sásaimh don Chomhairle na cláir oibre uaillmhianacha don athchóiriú agus Plean na hÚcráine atá glactha ag comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus ag an Úcráin faoi seach agus meabhraítear di gurb é cur chun feidhme éifeachtach na n-athchóirithe a shonraítear iontu a chinnfidh na híocaíochtaí a dhéanfar. Is díol sásaimh don Chomhairle an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Fáis nua don Mholdóiv agus gur glacadh go pras seasamh caibidlíochta na Comhairle don togra maidir leis an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis don Mholdóiv a bhunú d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil a luaithe is féidir.

**MONTAINÉAGRÓ**

20. Is díol sásaimh don Chomhairle na torthaí an-dearfach maidir le gealltanais athchóirithe atá ann le fada a chomhlíonadh. Molann an Chomhairle **cuspóir** rialtas Mhontainéagró leanúint den dul chun cinn gasta atá á dhéanamh ag an tír sin ar a chonair i dtreo an Aontais agus molann sí do na fórsaí polaitiúla uile a bpleananna uaillmhianacha a leanúint chun an idirbheartaíocht aontachais a thabhairt chun críche.

21. Is díol sásaimh don Chomhairle an **dul chun cinn maith** a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí seo, agus gach ceann de na 33 chaibidil a ndearnadh scagadh orthu oscailte, agus 6 chaibidil dúnta go sealadach go nuige seo. Molann an Chomhairle Montainéagró go háirithe as tagarmharcanna eatramhacha chaibidlí 23 agus 24 maidir leis an smacht reachta a bhaint amach, ar an iomlán; is cloch mhíle thábhachtach é sin a chuireann tús le céim nua agus céim dheiridh sa chaibidlíocht aontachais. Molann an Chomhairle do Mhontainéagró dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme na dtagarmharcanna deiridh do chaibidlí 23 agus 24 maidir leis an smacht reachta. Is díol sásaimh don Chomhairle gur dúnadh trí chaibidil go sealadach le déanaí agus tá sí ag súil le bheith in ann tuilleadh caibidlí a dhúnadh go sealadach a luaithe is féidir, ach na coinníollacha a bheith comhlíonta. Ar choinníoll go leanfaidh Montainéagró den dul chun cinn seasmhach atá déanta aige maidir le hathchóiriú agus go gcuirfidh sé na hathchóirithe éigeantacha i gcrích, tá an Chomhairle faoi réir chun tús a chur leis an ullmhúchán in am trátha do dhréachtú an chonartha aontachais.

22. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag Montainéagró maidir le **feidhmiú na bpríomhchomhlachtaí breithiúnacha** a athbhunú, cur chun feidhme príomh-athchóirithe breithiúnacha a luathú agus a dhoimhniú, creat straitéiseach nua a ghlacadh agus bailchríoch a chur ar roinnt ceapacháin bhreithiúnacha a bhí ar feitheamh trí nósanna imeachta trédhearcacha atá bunaithe ar thuillteanas. Cuidíonn na bearta sin chun neamhspleáchas, cuntasacht, neamhchlaontacht, ionracas, éifeachtúlacht agus gairmiúlacht an chórais bhreithiúnaigh a fheabhsú. Is díol sásaimh don Chomhairle ceapadh Uachtarán nua buan na Cúirte Uachtaraí.

23. Is **díol sásaimh** don Chomhairle an **dul chun cinn maith** atá déanta agus molann sí do Mhontainéagró leanúint dá iarrachtaí athchóiriú a dhéanamh, go háirithe i réimsí ríthábhachtacha, mar shampla, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán, lena n-áirítear iriseoirí a chosaint agus **comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe**, agus athchóirithe ar an riarachán poiblí. Cé go n-aithníonn sí an dul chun cinn atá déanta, athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór do Mhontainéagró feabhas a chur ar a chuntas teiste maidir le himscrúduithe, ionchúisimh, ciontuithe deiridh agus sócmhainní coiriúla a urghabháil agus a choigistiú, lena n-áirítear ar an leibhéal is airde. Ba cheart do Mhontainéagró dul chun cinn a dhéanamh freisin maidir le hathchóiriú cuimsitheach toghchánach, lena n-áirítear leasú a dhéanamh ar a dhlí maidir le heintitis pholaitiúla a mhaoiniú ionas go mbeidh sé ag teacht le caighdeáin Eorpacha, neamhspleáchas an choimisiúin toghcháin a áirithiú, agus trédhearcacht chlár na vótálaithe a áirithiú.

24. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn maith atá déanta maidir le bainistiú imirce, agus béim á leagan aici ag an am céanna ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí ailíniú iomlán le **beartas víosaí an Aontais** agus go neartófaí a chumas rialaithe teorann.

25. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an geilleagar ag fás go tréan agus go seasta, go bhfuil na hearnálacha baincéireachta agus airgeadais cobhsaí agus go bhfuil feabhas tagtha ar mhargadh an tsaothair. Molann an Chomhairle do Mhontainéagró athchóirithe struchtúracha riachtanacha a chur chun feidhme, agus *inter alia*, an fiachas poiblí a laghdú agus leanúint dá iarrachtaí an rialachas fioscach agus an trédhearcacht a neartú.

26. Tugann an Chomhairle dá haire gur gnéithe bunriachtanacha de phróiseas an mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais i gcónaí iad an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus an comhar réigiúnach.

27. Molann an Chomhairle Montainéagró go mór as an gcomhar comhsheasmhach atá ar bun aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, agus as a ailíniú iomlán buanseasmhach le **CBES an Aontais**, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha an Aontais, ar léiriú follasach é ar thiomantas straitéiseach Mhontainéagró dá chonair i dtreo an Aontais. Is díol sásaimh di chomh maith rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach Mhontainéagró i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC).

**AN tSEIRBIA**

28. Cé gur díol sásaimh di gur athdhearbhaigh an tSeirbia an lánpháirtiú san Aontas mar sprioc straitéiseach, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé don tSeirbia toil láidir pholaitiúil agus comhsheasmhacht ó thaobh cur chun feidhme na n-athchóirithe a bhaineann leis an Aontas a léiriú chomh maith le cumarsáid maidir leis an Aontas a dhéanamh go hoibiachtúil neamhbhalbh.

29. Is díol sásaimh don Chomhairle an **dul chun cinn, ar an iomlán**, a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí seo, agus 22 chaibidil chaibidlíochta as 35 oscailte, agus 2 chaibidil dúnta go sealadach. Meabhraítear don Chomhairle go mbeidh luas ginearálta na hidirbheartaíochta aontachais ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfaidh an tSeirbia maidir leis an smacht reachta agus normalú an chaidrimh leis an gCosaiv.

30. Molann an Chomhairle don tSeirbia tuilleadh **toil pholaitiúil** a léiriú trí dhlús breise a chur leis na hathchóirithe agus trí thorthaí inláimhsithe nithiúla a bhaint amach maidir leis na **bunphrionsabail**, go háirithe trí leanúint de dhíriú ar thagarmharcanna eatramhacha chaibidlí 23 agus 24 maidir leis an smacht reachta a chomhlíonadh. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí gur glacadh an straitéis nua frithéillithe agus na fodhlíthe a ghabhann leis na dlíthe lena gcuirtear na leasuithe bunreachtúla chun feidhme. Cé go bhfuil sí dearfach faoin dul chun cinn atá déanta i gcomhrac an éillithe, tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn teoranta atá déanta maidir leis na breithiúna agus maidir le comhrac na coireachta eagraithe agus athdhearbhaíonn sí go gcaithfear dlús a chur leis na hiarrachtaí sna réimsí sin, lena n-áirítear trí chuntas teiste a bhunú i dtaca le himscrúduithe, ionchúisimh, ciontuithe deiridh, reo agus coigistiú sócmhainní coiriúla, lena n-áirítear ar an ardleibhéal.

31. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil imní uirthi faoin easpa dul chun cinn ó thaobh feabhas a chur ar an **tsaoirse chun tuairimí a nochtadh** agus ar **neamhspleáchas na meán**, agus iarann sí ar an tSeirbia an reachtaíocht a glacadh maidir leis na meáin a chur chun feidhme agus a áirithiú go gcuirfear í i gcomhréir a thuilleadh le *acquis* agus le caighdeáin an Aontais, agus páirt ghníomhach a ghlacadh, lena chois sin, in iarrachtaí chun gach cineál bréagaisnéise agus ionramhála eachtraí ar fhaisnéis ar chainéil uile na meán a chosc agus a chomhrac. Molann an Chomhairle don tSeirbia freisin timpeallacht chumasúcháin agus ról níos láidre a áirithiú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

32. Ina theannta sin ní mór don tSeirbia leanúint d'aird ar leith a thabhairt ar urramú iomlán na **gceart bunúsach**, lena n-áirítear cosaint na ngrúpaí is leochailí, agus ar an gcaoi a gcaitear go neamh-idirdhealaitheach le daoine ar de mhionlaigh iad ar fud na Seirbia.

33. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle an dea-ullmhúchán atá déanta ag an tSeirbia chun geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt, agus molann sí don tSeirbia leanúint dá hiarrachtaí dul chun cinn a dhéanamh maidir lena cumas déileáil le brú iomaíochta agus fórsaí margaidh san Aontas agus na hathchóirithe struchtúracha riachtanacha a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin comhar feabhsaithe na Seirbia leis an Aontas, go háirithe an chomhpháirtíocht straitéiseach maidir le hamhábhair inbhuanaithe.

34. Aithníonn an Chomhairle gurb é a mheasann an Coimisiún go bhfuil a leibhéal ullmhachta á choimeád ag an tSeirbia i dtaca leis na tagarmharcanna tosaigh i **gcnuasach 3** (Iomaíochas agus fás cuimsitheach). Fillfidh an Chomhairle ar an tsaincheist maidir le cnuasach 3 a oscailt ar bhonn dul chun cinn suntasach breise atá déanta ag an tSeirbia, go háirithe i gcomhréir leis na réimsí a luaitear i mír 29 agus i gcomhréir leis an gcreat caibidlíochta, i gcomparáid leis an measúnú a leagtar amach i dtuarascáil 2024 ar an méadú.

35. Is díol sásaimh don Chomhairle gur chloígh an tSeirbia lena gealltanas maidir le roinnt tionscnaimh **chomhair réigiúnacha** agus molann sí don tSeirbia an **dea-chaidreamh comharsanachta** a neartú a thuilleadh, agus cur leis an gcobhsaíocht agus le hathmhuintearas leis na comhpháirtithe go léir sa réigiún.

36. Leanann an Chomhairle de bhéim a chur ar a thábhachtaí atá comhar réigiúnach fóinteach i ndáil le **coireanna cogaidh a láimhseáil ar an leibhéal náisiúnta**, a gcás siúd atá ar iarraidh fós a réiteach agus comhar iomlán leis an Sásra Iarmharach Idirnáisiúnta le haghaidh Binsí Coiriúla. Níor cheart aon tacaíocht a bheith ann do choirpigh chogaidh chiontaithe ná d’adhmholadh ná diúltú na gcoireanna a dhéanann siad.

37. Á mheabhrú di gur gné bhunúsach de phróiseas aontachais an Aontais é feidhmiú cuí na n-institiúidí daonlathacha, tugann an Chomhairle dá haire na tuarascálacha maidir le **toghcháin** mhí na Nollag 2023 agus mhí an Mheithimh 2024 ón Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE)/ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine. I bhfianaise na dtorthaí sin, is gá feabhsuithe nithiúla agus tuilleadh athchóirithe a dhéanamh ar an bpróiseas toghcháin. Molann an Chomhairle go mór don tSeirbia aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinne ESCE agus an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine mar aon le comhlachtaí Chomhairle na hEorpa, lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann le príomhghnéithe den phróiseas toghchánach.

38. Molann an Chomhairle an tSeirbia as rannchuidiú go suntasach le sreabha imirce measctha i dtreo an Aontais a bhainistiú, agus leagann béim i gcónaí ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn maidir le nósanna imeachta tearmainn agus maidir le hailíniú go hiomlán le **beartas víosaí** an Aontais.

39. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an-súil aici go gcuirfidh an tSeirbia dlús lena hiarrachtaí i dtreo ailíniú iomlán le seasaimh agus bearta sriantacha **CBES an Aontais**, lena n-áirítear i gcás na Rúise agus na Bealarúise, agus go ndéanfar sin mar ábhar céadtosaíochta. Iarrann an Chomhairle freisin ar údaráis na Seirbia staonadh ó ghníomhaíochtaí agus ó ráitis i gcoinne sheasaimh an Aontais maidir leis an mbeartas eachtrach agus ábhair straitéiseacha eile. Is díol sásaimh don Chomhairle an cúnamh daonnúil agus eile arna thabhairt ag an tSeirbia don Úcráin, agus molann sí don tSeirbia leanúint dá dea-chomhar leis an Aontas maidir le cosc a chur ar an teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach agus rannchuidiú tábhachtach na Seirbia i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoi Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais.

40. Ní mór don tSeirbia agus don Chosaiv iarrachtaí leanúnacha a shaothrú chun an lasóg a bhaint den bharrach, staonadh ó ghníomhaíochtaí aontaobhacha gríosaitheacha a bhféadfadh teannas agus foréigean a bheith mar thoradh orthu agus reitric scoilteach a sheachaint. Tá an Chomhairle ag súil go n-aimseoidh an tSeirbia agus an Chosaiv araon réiteach inbhuanaithe ar an staid i dtuaisceart na Cosaive lena ráthaítear sábháilteacht, slándáil agus daonlathas rannpháirteach do gach saoránach, ar bhealach comhordaithe. Meabhraítear don Chomhairle an oibleagáid atá ar an tSeirbia seasamh le comhaontuithe idirphlé le linn an phróisis reachtaigh.

41. Cáineann an Chomhairle go géar an athuair na gníomhartha foréigin a rinne agóideoirí Seirbiacha na Cosaive i gcoinne saoránach, trúpaí KFOR, lucht forfheidhmithe dlí agus na meán an 29 Bealtaine 2023, agus an t-ionsaí foréigneach ar phóilíní na Cosaive an 24 Meán Fómhair 2023 i dtuaisceart na Cosaive. Níl aon údar le foréigean. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí ag súil go gcomhoibreoidh an tSeirbia go hiomlán agus go ndéanfaidh sí gach beart is gá chun déantóirí na n-ionsaithe a rinneadh in 2023 a ghabháil agus a thabhairt os comhair na cúirte go práinneach. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé go mbeadh cuntasacht iomlán ann agus is oth léi go mór nach ndearnadh an tSeirbia gníomhaíochtaí leordhóthanacha ina leith sin.

42. Tugann an Chomhairle dá haire gur iarr an tSeirbia i Meán Fómhair 2024 go mbeadh pobal Seirbiach na Cosaive rannpháirteach i dtoghcháin sa Chosaiv amach anseo agus go ndéanfaí pobal Seirbiach na Cosaive a ath-imeascadh sna institiúidí uile sa Chosaiv a d’fhág siad in 2022. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí ag súil go ndéanfaí iad a ath-imeascadh go tráthúil agus go pras, gan aon réamhchoinníollacha a bheith leagtha síos ag an tSeirbia, i gcomhréir leis na comhaontuithe idirphlé agus lánurraim á tabhairt do chreat dlíthiúil na Cosaive.

43. Measann an Chomhairle go nglacfaidh an tSeirbia páirt de mheon macánta san **idirphlé arna éascú ag an Aontas** chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach leis an gCosaiv a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir le normalú an chaidrimh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais gan a thuilleadh moille. Ar a gconair Eorpach dóibh, is coinníollacha bunriachtanacha iad go ndéanfaí an caidreamh idir an dá pháirtí a normalú agus go gcuirfí na gealltanais a tugadh i dtaca leis an idirphlé chun feidhme agus d’fhéadfadh an dá thaobh deiseanna tábhachtacha a chailleadh mura ndéanfaí dul chun cinn.

44. Is díol sásaimh don Chomhairle gur athdhearbhaigh an tSeirbia agus an Chosaiv le déanaí go bhfuil siad tiomanta don phróiseas chun **an caidreamh eatarthu a normalú**, agus gheall siad rannpháirtíocht chuiditheach sa phróiseas chun é a bhrú chun cinn go tapa. Is díol sásaimh di freisin gur tugadh i gcrích an comhaontú tráchtála maidir le soláthar leictreachais i dtuaisceart na Cosaive i mí na Nollag 2023 agus gur tugadh aitheantas frithpháirteach d' uimhirphlátaí i mí Eanáir 2024.

45. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór an Comhaontú maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe idir an Chosaiv agus an tSeirbia agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis a glacadh i mí Feabhra agus mí an Mhárta 2023 faoi seach a urramú go hiomlán agus a chur chun feidhme a luaithe is féidir gan réamhchoinníollacha mar a dhéantar i gcás gach gealltanais a bhaineann leis an Aontas, chomh maith leis na gealltanais eile a tugadh san idirphlé arna éascú ag an Aontas, faoi stiúir an Ardionadaí agus le tacaíocht ó Ionadaí Speisialta an Aontais, atá fós ar feitheamh. Áirítear leis sin Comhlachas/Comhphobal na mBardas Seirbiach a bhunú ar bhonn an dréachtreachta a chuir Éascaitheoir an Aontais faoi bhráid na bpáirtithe. Táthar ag súil go dtosóidh an tSeirbia ag aithint dhoiciméid agus shiombailí na Cosaive i gcomhréir le hAirteagal 1 den Chomhaontú maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhforáiltear go réiteofar stádas na struchtúr agus na seirbhísí a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbia i gcomhréir leis na comhaontuithe ar thángthas orthu san idirphlé arna éascú ag an Aontas agus le dlí na Cosaive.

46. Meabhraítear don Chomhairle gur leasaíodh tagarmharcanna **chaibidil 35** de chaibidlíocht aontachais na Seirbia chun oibleagáidí na Seirbia a léiriú, oibleagáidí dá dtagraítear sa Chomhaontú maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe agus san Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis.

**AN ALBÁIN**

47. Is díol sásaimh don Chomhairle oscailt chnuasach na mbunphrionsabal leis an Albáin ag an **gcomhdháil aontachais** an 15 Deireadh Fómhair 2024 agus oscailt an chnuasaigh maidir leis an gcaidreamh seachtrach le déanaí. Molann an Chomhairle cuspóir an rialtais leanúint den dul chun cinn atá déanta ag an Albáin ar a conair i dtreo an Aontais, molann sí do na fórsaí polaitiúla uile a bpleananna uaillmhianacha a leanúint chun an chaibidlíocht aontachais a thabhairt chun críche, agus tá sí ag tnúth le bheith in ann tuilleadh cnuasaigh caibidlíochta a oscailt a luaithe is féidir, ach na coinníollacha a bheith comhlíonta.

48. Ag tabhairt dá haire go bhfuil tionchar fós ag an deighilt pholaitiúil ar ghníomhaíochtaí **na parlaiminte**, meabhraítear don Chomhairle go bhfuil idirphlé polaitiúil cuimsitheach cuiditheach sa tír ríthábhachtach i gcónaí chun dul chun cinn a dhéanamh le hathchóirithe a bhaineann leis an Aontas.

49. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le hathchóiriú, go háirithe i réimsí **na mbunphrionsabal agus an smachta reachta**. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di cur chun feidhme leanúnach an athchóirithe ceartais ag an Albáin, rud is gá a chomhdhlúthú, lena gcuirtear tuilleadh feabhsuithe ar neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus gairmiúlacht an chórais bhreithiúnaigh. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin, go háirithe tabhairt chun críche phróiseáil na gcásanna ag an gcéad chéim, agus molann sí don Albáin an próiseas iomlán a thabhairt chun críche go tráthúil. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart cinntí ceangailteacha na Cúirte Bunreachtúla a urramú agus a chur chun feidhme go hiomlán. Is díol sásaimh don Chomhairle na dea-thorthaí a baineadh amach leis an Struchtúr Speisialta i gcoinne an Éillithe agus na Coireachta Eagraithe agus a chúirteanna, lena n-áirítear i gcásanna ardleibhéil den éilliú, agus an dea-chomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí an Aontais agus na mBallstát. Ba cheart leanúint leis an méid sin, lena n-áirítear an comhar maidir le himscrúduithe airgeadais. Tá gá freisin le rialuithe neartaithe agus le hacmhainneachtaí comhdhlúite chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun cuntas fónta teiste a bhunú maidir le comhrac na coireachta eagraithe agus an éillithe, lena n-áirítear ar an ardleibhéal. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh i réimse an athchóirithe ar an riarachán poiblí agus molann sí don Albáin leanúint den chur chun feidhme.

50. Iarrann an Chomhairle ar an Albáin leanúint de chosaint **na gceart bunúsach** a neartú, lena n-áirítear cosaint ceart daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, agus tugann sí dá haire agus is cúis imní di nach ndearnadh aon dul chun cinn maidir le saoirse na meán ná an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh ná maidir le cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Ní mór don Albáin dlús a chur lena hiarrachtaí neamhspleáchas agus iolrachas na meán a neartú trí thrédhearcacht úinéireacht na meán a mhéadú agus trí thimpeallacht shlán shábháilte a áirithiú d'iriseoirí. Á mheabhrú di comhsheasamh an Aontais maidir le cnuasach 1, is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh an reachtaíocht thánaisteach maidir le mionlaigh, agus tugann sí dá haire na gealltanais a thug an Albáin an chuid eile de na fodhlíthe gaolmhara a bhaineann le creatdlí 2017 maidir le cosaint daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad a ghlacadh faoi dheireadh na bliana agus a chur chun feidhme go pras i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile. Ar an gcaoi chéanna, molann an Chomhairle go ndéanfaí athchóiriú cuimsitheach a chur chun feidhme ar earnáil na talún, agus go ndéanfaí cearta maoine a chomhdhlúthú ar bhealach trédhearcach. Ní mór ról na sochaí sibhialta a neartú a thuilleadh agus comhairliúcháin fhóinteacha a threisiú.

51. Maidir le **hathchóirithe toghcháin**, leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé go dtabharfaí aghaidh, ar bhealach tráthúil cuimsitheach, ar na moltaí ó ESCE/ODIHR agus ó Choimisiún na Veinéise atá fós gan réiteach.

52. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le **himirce** agus bainistiú na dteorainneacha, agus á chur i bhfios go láidir aici ag an am céanna a riachtanaí atá sé go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn maidir le nósanna imeachta tearmainn agus maidir le hailíniú iomlán le beartas víosaí an Aontais.

53. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle an dea-ullmhúchán atá déanta ag an Albáin chun geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt, agus molann sí don Albáin leanúint dá hiarrachtaí dul chun cinn a dhéanamh maidir lena cumas déileáil le brú iomaíochta agus fórsaí margaidh san Aontas agus na hathchóirithe struchtúracha is gá a chur chun feidhme.

54. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Albáin ag leanúint de pháirt chuiditheach a ghlacadh sa chomhar réigiúnach. Tugann an Chomhairle dá haire gur gnéithe bunriachtanacha de phróiseas an mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais i gcónaí iad an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus an comhar réigiúnach.

55. Molann an Chomhairle an Albáin go mór as an gcomhar comhsheasmhach atá ar bun aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, agus go háirithe as a hailíniú iomlán buanseasmhach le **CBES an Aontais**, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha an Aontais, ar léiriú follasach é ar thiomantas straitéiseach na hAlbáine dá conair i dtreo an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle chomh maith rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach na hAlbáine i misin agus oibríochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta, agus an Chomhpháirtíocht nua Slándála agus Cosanta idir an tAontas agus an Albáin lena réitítear an bealach don chomhar méadaithe sna príomhréimsí.

**AN MHACADÓIN THUAIDH**

56. Cé gur díol sásaimh don Chomhairle gur dhearbhaigh an rialtas nua sa Mhacadóin Thuaidh gurb é lánpháirtiú an Aontais an sprioc straitéiseach atá aige, meabhraítear di na conclúidí uaithi ó mhí Iúil 2022 agus tugann sí dá haire nár thug an Mhacadóin Thuaidh na **hathruithe bunreachtúla** a bhfuil gealltanas tugtha aici ina leith chun críche go fóill. Ag athdhearbhú di gur iarr an Chomhairle Eorpach ar an Macadóin Thuaidh **dlús a chur le cur i gcrích** na n-athruithe sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí réidh le comhdháil idir-rialtasach eile a thionól, gan a thuilleadh moille ná cinneadh polaitiúil breise, a luaithe a bheidh a gealltanas curtha chun feidhme ag an Macadóin Thuaidh, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha. Ina dhiaidh sin, tá an Chomhairle faoi réir le tús a chur leis an gcéad chnuasach caibidlíochta a luaithe is féidir, i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta.

57. Molann an Chomhairle do na páirtithe uile sa **pharlaimint** comhar traspháirtí a áirithiú, agus béim á leagan ar chur chun feidhme na n-athchóirithe a bhaineann leis an Aontas a chur chun cinn.

58. Is díol sásaimh don Chomhairle an méid ullmhúcháin atá déanta ag an Macadóin Thuaidh sna príomhréimsí. Tugann sí dá haire go bhfuil gá fós le bearta buana cinntitheacha a dhéanamh chun dlús a chur le cur chun feidhme athchóirithe a bhaineann leis an Aontas, go háirithe i réimsí **na mbunphrionsabal agus an smachta reachta**, réimsí nach bhfuil ach dul chun cinn teoranta déanta iontu. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór don Mhacadóin Thuaidh seasamh le neamhspleáchas, gairmiúlacht, éifeachtúlacht agus neamhchlaontacht na mbreithiúna, agus an t-athchóiriú ar an riarachán poiblí a bhaint amach. Ní mór an Chomhairle Bhreithiúnach a neartú i gcomhréir leis na moltaí ó mhisean athbhreithnithe piaraí 2023 an Aontais. Ní mór comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe a threisiú. Is cúis mhór imní don Chomhairle i gcónaí na leasuithe ar an gcód coiriúil, lena ndéantar difear do líon mór cásanna éillithe ardleibhéil. Iarrann an Chomhairle ar an Macadóin Thuaidh cód coiriúil nua a ghlacadh i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus caighdeáin idirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle ar an Macadóin Thuaidh an athuair **cearta bunúsacha** a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh nó de phobail iad, saoirse na meán agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

59. Cé gur díol sásaimh don Chomhairle go raibh na toghcháin pharlaiminteacha agus uachtaránachta a reáchtáladh le déanaí in 2024 iomaíoch, tugann sí dá haire go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn maidir le **hathchóiriú toghchánach**, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na moltaí ó ESCE/ODIHR agus Coimisiún na Veinéise atá fós gan réiteach.

60. Molann an Chomhairle an Mhacadóin Thuaidh as an dea-chomhar leanúnach atá á dhéanamh aici maidir le bainistiú **imirce**, bainistiú teorainneacha agus ailíniú le beartas víosaí an Aontais.

61. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle an dea-ullmhúchán agus an dul chun cinn áirithe atá déanta ag an Macadóin Thuaidh chun geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt, agus molann sí don Mhacadóin Thuaidh leanúint dá hiarrachtaí dul chun cinn a dhéanamh maidir lena cumas déileáil le brú iomaíochta agus fórsaí an mhargaidh san Aontas agus maidir leis na athchóirithe struchtúracha is gá a chur chun feidhme.

62. Tugann an Chomhairle dá haire gur gnéithe bunriachtanacha de phróiseas an mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais i gcónaí iad an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus an comhar réigiúnach. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbainfí amach torthaí nithiúla, agus go gcuirfí comhaontuithe déthaobhacha chun feidhme de mheon macánta, lena n-áirítear Comhaontú Prespa leis an nGréig agus an Conradh maidir le Cairdeas, Dea-Chomharsanacht agus Comhar leis an mBulgáir i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta.

63. Molann an Chomhairle an Mhacadóin Thuaidh go mór as an gcomhar comhsheasmhach atá ar bun aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, agus go háirithe as a hailíniú iomlán buanseasmhach le **CBES an Aontais**, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha an Aontais, ar léiriú follasach é ar thiomantas straitéiseach na Macadóine Thuaidh dá conair i dtreo an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle chomh maith rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach na Macadóine Thuaidh i misin agus oibríochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta, agus an Chomhpháirtíocht nua Slándála agus Cosanta idir an tAontas agus an Mhacadóin Thuaidh lena réitítear an bealach do chomhar méadaithe i bpríomhréimsí.

## AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN

64. Is díol sásaimh don Chomhairle an **cinneadh** ón gComhairle Eorpach an 21–22 Márta 2024 **tús a chur le caibidlíocht aontachais** leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, bunaithe ar an moladh ón gCoimisiún an 12 Márta 2024. Tá an Chomhairle ag súil go ndéanfaidh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin na bearta ábhartha uile a leagadh amach sa Mholadh ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2022 d'fhonn go nglacfaidh an Chomhairle an creat caibidlíochta a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha sin. Ní mór tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun na 14 phríomhthosaíocht a leagtar amach sa Tuairim ón gCoimisiún maidir lena hiarratas ar bhallraíocht san Aontas a chomhlíonadh, mar a d'fhormhuinigh an Chomhairle iad in 2019, agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2022 á gcur san áireamh.

65. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas an lucht ceannais pholaitiúil a raibh torthaí nithiúla air agus a chuir le cinneadh mhí an Mhárta tús a chur le caibidlíocht aontachais, ach tugann sí dá haire agus is oth léi go bhfuil stop tagtha le dinimic an athchóirithe ó shin. Tathantaíonn an Chomhairle ar na gníomhaithe polaitiúla uile athnuachan a dhéanamh ar fhócas na tíre ar dhul chun cinn a dhéanamh ar chonair an Aontais, agus gníomhaíochtaí daingne á ndéanamh aici chun na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme. Ba cheart don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin príomh-idirbheartaí agus comhordaitheoir náisiúnta Ionstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) a cheapadh faoi IPA III chomh maith le clár náisiúnta a fhorbairt chun *acquis* an Aontais a ghlacadh. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcomhlíonfaí *acquis* an Aontais agus na caighdeáin Eorpacha le gach dlí a ghlacfaí, lena n-áirítear moltaí Choimisiún na Veinéise.

66. Is díol sásaimh don Chomhairle gur eagraíodh toghcháin áitiúla, a reáchtáladh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin an 6 Deireadh Fómhair 2024 ar bhonn an dlí toghcháin ar leibhéal an stáit, ar bhealach iomaíoch agus éifeachtúil, ag cur san áireamh roinnt moltaí seanbhunaithe ó ODIHR. Maidir leis na **sásraí institiúideacha**, a leagadh amach le Comhaontú Síochána Dayton, ní mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin tuilleadh athchóirithe bunreachtúla agus toghchánacha a dhéanamh chun comhionannas agus neamh-idirdhealú gach saoránaigh a áirithiú, go háirithe trí chásdlí *Sejdić-Finci* agus cásdlí gaolmhar na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a hiarraidh go mbeadh próiseas cuimsitheach ann maidir le hathchóirithe teoranta bunreachtúla agus toghchánacha, trí fhíor-idirphlé agus i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha chun deireadh a chur le gach cineál neamhionannais agus idirdhealaithe sa phróiseas toghchánach. Meabhraítear don Chomhairle chomh maith gur ann do roinnt cinntí ón gcúirt bhunreachtúil nár forfheidhmíodh go hiomlán go fóill. Níor cheart aon bheart a dhéanamh a chuirfeadh lena dhúshlánaí a bheadh cur chun feidhme na rialuithe sin nó a mhéadódh na heasaontais atá ann cheana.

67. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a **tiomantas aonchiallach** do dhearcadh an Aontais gur tír aonair aontaithe cheannasach í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Tathantaíonn an Chomhairle ar na gníomhaithe polaitiúla uile sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin reitric agus gníomhaíochtaí scoilteacha gríosaitheacha a thréigean agus staonadh uathu, lena n-áirítear ceannasacht, aontacht agus iomláine chríochach na tíre a cheistiú, prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe a urramú i gcás na saoránach uile a bhaineann le pobail na tíre agus le pobail eile, agus éirí as laochra a dhéanamh de choirpigh cogaidh chiontaithe agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn ar bhealach gníomhach.

68. Is mór an chúis imní don Chomhairle i gcónaí an reachtaíocht agus na tionscnaimh san eintiteas *Republika Srpska* nach bhfuil ag teacht le conair na Boisnia agus an Heirseagaivéin i dtreo an Aontais, lena n-áirítear reitric scarthach agus amhras a chaitheamh ar ord bunreachtúil na tíre. Ní mór ceannasacht, iomláine chríochach, an t-ord bunreachtúil, lena n-áirítear cinntí ón gCúirt Bhunreachtúil, agus nádúr idirnáisiúnta na Boisnia agus an Heirseagaivéin a urramú. Beidh iarmhairtí tromchúiseacha ag aon ghníomhaíocht i gcoinne na bprionsabal sin.

69. Cé go dtugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn teoranta a rinneadh i réimse na mbreithiúna, go háirithe na leasuithe ionracais a glacadh sa Dlí maidir leis an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus Ionchúiseach, leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé go dtreiseofaí an **smacht reachta**, lena n-áirítear tríd an Dlí nua maidir leis an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus Ionchúiseach, agus an Dlí maidir le Cúirteanna a ghlacadh. Ní mór cinntí na Cúirte Bunreachtúla a urramú go hiomlán.

70. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh iarrachtaí teoranta i réimse na g**ceart bunúsach** agus iarrann sí arís ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin dlús suntasach a chur leis na hiarrachtaí i ndáil leis sin. Ag tabhairt dá haire nach ndearnadh aon dul chun cinn maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse na meán ná iriseoirí a chosaint, iarrann an Chomhairle ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a áirithiú go ndéanfar an tsaoirse comhthionóil, comhlachais agus cainte a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn go hiomlán, agus staonadh ó ghníomhaíochtaí breise a mbeadh drochthionchar acu ar fheidhmiú na saoirse sin.

71. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di go ndearnadh roinnt dul chun cinn i g**comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe**, gur glacadh go háirithe na dlíthe maidir le coinbhleacht leasa agus sciúradh airgid a chosc agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, chomh maith le síniú chomhaontú Eurojust maidir le comhar breithiúnach leis an Aontas. Iarrann an Chomhairle ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin bearta cinntitheacha breise a dhéanamh sna réimsí sin, lena n-áirítear trí chuntas teiste a bhunú maidir le himscrúduithe agus ciontuithe, lena n-áirítear ar ardleibhéal, agus tríd an dlí maidir le cosaint sonraí pearsanta a ghlacadh.

72. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, molann an Chomhairle don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin cur lena hiarrachtaí a cumas chun déileáil le brú iomaíochta agus fórsaí an mhargaidh san Aontas a neartú agus na hathchóirithe struchtúracha is gá a chur chun feidhme.

73. Is díol sásaimh don Chomhairle gur tháinig feabhas leanúnach ar bhainistiú na himirce agus iarrann sí ar an tír ailíniú iomlán a dhéanamh le **beartas víosaí** an Aontais agus an dlí maidir le rialú teorann a ghlacadh. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil dul chun cinn déanta sa chaibidlíocht maidir le comhaontú ar stádas Frontex agus iarrann sí go síneofar go pras é.

74. Maidir le cur chun feidhme an **phlean fáis** do na Balcáin Thiar, tathantaíonn an Chomhairle ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a clár oibre don athchóiriú a thíolacadh gan a thuilleadh moille. Is buncheanglas ginearálta é sin le haghaidh íocaíochtaí a d’fhéadfaí a dhéanamh faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis, agus d’fhéadfadh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin tairbhí tábhachtacha a chailleadh mura ndéanfaí dul chun cinn.

75. Seasann an tAontas i ndlúthpháirtíocht leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin tar éis na d**tuilte** tubaisteacha agus na sciorrthaí talún a tharla an 3 Deireadh Fómhair 2024. Chuir an tAontas cúnamh éigeandála ar fáil trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta le rannpháirtíocht deich mBallstát, agus trí EUFOR Althea. Tá an tAontas réidh chun cúnamh breise a thabhairt de réir mar is iomchuí.

76. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh athnuachan ar shainordú **EUFOR Althea**, a bhfuil ról lárnach aige i gcónaí maidir le tacaíocht a thabhairt do na húdaráis sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin chun timpeallacht atá slán sábháilte a chothabháil do na saoránaigh uile.

77. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go leanfar den chomhar i measc **gníomhaithe idirnáisiúnta** agus cuireann sí in iúl go dtacaíonn sí le misean an Ardionadaí agus a oifige Clár Oibre 5+2 a chomhlíonadh.

78. Iarrann an Chomhairle an athuair ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin na **comhaontuithe soghluaisteachta** réigiúnacha uile faoi Phróiseas Bheirlín a dhaingniú go pras.

79. Molann an Chomhairle ailíniú iomlán na Boisnia agus an Heirseagaivéin le **CBES an Aontais** lena léirítear a tiomantas soiléir do chonair an Aontais agus molann sí di an t- ailíniú sin a choinneáil agus bearta sriantacha a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear maidir leis an Rúis agus leis an mBealarúis.

**AN CHOSAIV**

80. Is díol sásaimh don Chomhairle **tiomantas** leanúnach na Cosaive dá conair Eorpach agus do na hathchóirithe gaolmhara. Leanfaidh an tAontas de thuilleadh cúnaimh a thabhairt don Chosaiv maidir leis na hathchóirithe atá á ndéanamh aici agus lena gcur chun feidhme leanúnach, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar a conair Eorpach. Is díol sásaimh don Chomhairle teacht i bhfeidhm léirscaoileadh víosaí i gcás shaoránaigh na Cosaive.

81. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh roinnt dul chun cinn ó thaobh **chomhrac na coireachta eagraithe** de, go háirithe trí chomhar méadaithe a dhéanamh le Europol, cé gur beag an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an **éilliú a chomhrac** agus **cearta bunúsacha** a chosaint. Ba cheart don Chosaiv leanúint dá hiarrachtaí cuntasacht, neamhspleáchas, éifeachtúlacht agus ionracas an chórais bhreithiúnaigh a áirithiú, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chosaint, agus a áirithiú go bhfuil an reachtaíocht sna réimsí sin ailínithe go hiomlán le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé an riarachán poiblí a neartú. Molann an Chomhairle don Chosaiv dul chun cinn breise a dhéanamh chun cearta bunúsacha a chur chun cinn go héifeachtach. I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme chinneadh na Cúirte Bunreachtúla maidir le Mainistir Dečani. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di gur bhunaigh an Chosaiv rúnaíocht lárnach chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus gur cheap sí comhordaitheoir náisiúnta.

82. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn maith atá déanta ag an gCosaiv maidir le geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt agus molann sí don Chosaiv na hathchóirithe struchtúracha is gá a chur chun feidhme.

83. Is díol sásaimh don Chomhairle go reáchtálfar na **toghcháin** pharlaiminteacha i mí Feabhra 2025 faoi chreat nua toghcháin na Cosaive, ar creat é a chuireann na moltaí ó mhisin chomhleanúnacha bhreathnóireachta an Aontais um Thoghcháin chun feidhme. Iarrann an Chomhairle ar an gCosaiv leanúint den chreat sin a chomhdhlúthú, agus béim á leagan aici ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh próiseas toghchánach ann a bheadh trédhearcach, dea-riartha, cuimsitheach agus iomaíoch.

84. Is cúis mhór imní don Chomhairle i gcónaí an staid i d**tuaisceart na Cosaive**. Ní mór don Chosaiv agus don tSeirbia iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun an lasair a bhaint den bharrach, staonadh ó ghníomhaíochtaí aontaobhacha gríosaitheacha a bhféadfadh teannas agus foréigean a bheith mar thoradh orthu agus reitric scoilteach a sheachaint. Tacaíonn an Chomhairle le láithreacht threisithe KFOR, go háirithe ag an limistéar teorann idir an Chosaiv agus an tSeirbia, agus an láithreacht bhuan ag an droichead in Mitrovica. I gcás roinnt gníomhaíochtaí neamh-chomhordaithe de chuid na Cosaive, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar struchtúir agus seirbhísí a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbia agus atá ag feidhmiú sa Chosaiv, bhí tionchar diúltach acu ar phobal Seirbiach na Cosaive agus ar phobail eile agus ar a rochtain ar sheirbhísí bunúsacha poiblí agus sóisialta. Tá an Chomhairle ag súil go n-aimseoidh an Chosaiv agus an tSeirbia réiteach inbhuanaithe ar an staid i dtuaisceart na Cosaive lena ráthaítear sábháilteacht, slándáil agus daonlathas rannpháirteach do gach saoránach, ar bhealach comhordaithe.

85. Cáineann an Chomhairle go géar an athuair na gníomhartha foréigin a rinne agóideoirí phobal Seirbiach na Cosaive i gcoinne saoránach, trúpaí KFOR, lucht forfheidhmithe dlí agus na meán an 29 Bealtaine 2023, agus an t-ionsaí foréigneach ar phóilíní na Cosaive an 24 Meán Fómhair 2023 i dtuaisceart na Cosaive. Níl aon údar le foréigean. Tugann an Chomhairle dá haire na himeachtaí breithiúnacha atá ar siúl faoi láthair sa Chosaiv agus athdhearbhaíonn sí an gá atá le cuntasacht.

86. Cáineann an Chomhairle an t-ionsaí a rinneadh le déanaí ar chanáil Iber Lepenc/Ibar Lepenac i dtuaisceart na Cosaive agus seasann sí i ndlúthpháirtíocht leis na daoine atá buailte. Tá an Chomhairle ag súil go ngabhfar déantóirí na coire agus go dtabharfar os comhair na cúirte iad. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar na páirtithe leasmhara uile comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis ábhartha.

87. Iarrann an Chomhairle ar an gCosaiv ath-imeascadh breithiúna, ionchúisitheoirí, póilíní agus pearsanra eile de phobal Seirbiach na Cosaive in institiúidí uile na Cosaive – institiúidí a d’fhág siad in 2022 – a chumasú. Tá an Chomhairle ag súil go ndéanfaí an t-ath-imeascadh i gcomhréir le comhaontuithe idirphlé, agus lánurraim á tabhairt do chreat dlíthiúil na Cosaive. I gcomhréir leis an ráiteas ón Ardionadaí thar ceann an Aontais an 3 Meitheamh 2023, tá bearta in-aisiompaithe á gcur chun feidhme ag an Aontas i leith na Cosaive. Cuirfidh an tAontas deireadh de réir a chéile leis na bearta sin i gcomhthráth le céimeanna breise a thabharfaidh an Chosaiv chun an teannas sa tuaisceart a mhaolú. Coinneoidh an Chomhairle na hábhair seo faoi bhreithniú.

88. Is oth leis an gComhairle go ndearna tromlach phobal Seirbiach na Cosaive baghcat ar an vóta aisghairme méara i mí Aibreáin 2024. Is den ríthábhacht toghcháin áitiúla chuimsitheacha a reáchtáil, le rannpháirtíocht iomlán phobal Seirbiach na Cosaive gan aon réamhchoinníoll, i ngach ceann de na ceithre bhardas ó thuaidh. Ba cheart an ceart vótála a éascú do gach saoránach incháilithe. Molann an Chomhairle do chomhaltaí Seirbiacha uile na Cosaive de Thionól na Cosaive páirt ghníomhach chuiditheach a ghlacadh in obair an Tionóil.

89. Measann an Chomhairle go nglacfaidh an Chosaiv páirt de mheon macánta san **idirphlé arna éascú ag an Aontas** chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach leis an tSeirbia a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir le normalú an chaidrimh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais gan a thuilleadh moille. Ar a gconair Eorpach dóibh, is coinníollacha bunriachtanacha iad go ndéanfaí an caidreamh idir an dá pháirtí a normalú agus go gcuirfí na gealltanais a tugadh i dtaca leis an idirphlé chun feidhme agus d'fhéadfadh an dá thaobh deiseanna tábhachtacha a chailleadh mura ndéanfaí dul chun cinn.

90. Is díol sásaimh don Chomhairle gur athdhearbhaigh an Chosaiv agus an tSeirbia le déanaí go bhfuil siad tiomanta don phróiseas chun an caidreamh eatarthu a normalú agus gheall siad rannpháirtíocht chuiditheach sa phróiseas chun é a bhrú chun cinn go tapa. Is díol sásaimh di freisin gur tugadh i gcrích an comhaontú tráchtála maidir le soláthar leictreachais i dtuaisceart na Cosaive i mí na Nollag 2023 agus gur tugadh aitheantas frithpháirteach d'uimhirphlátaí i mí Eanáir 2024.

91. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór an Comhaontú maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe idir an Chosaiv agus an tSeirbia agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis a glacadh i mí Feabhra agus mí an Mhárta 2023 faoi seach a urramú go hiomlán agus a chur chun feidhme a luaithe is féidir gan réamhchoinníollacha mar a dhéantar i gcás gach gealltanais a bhaineann leis an Aontas, chomh maith leis na gealltanais eile atá fós ar feitheamh a tugadh san idirphlé arna éascú ag an Aontas, faoi stiúir an Ardionadaí agus le tacaíocht ó Ionadaí Speisialta an Aontais.

92. Áirítear leis sin Comhlachas/Comhphobal na mBardas Seirbiach a chur ar bun, ag tosú leis an dréachtreacht, a chuir Éascaitheoir an Aontais faoi bhráid na bpáirtithe, a tharchur le cinneadh ó rialtas na Cosaive chuig Cúirt Bhunreachtúil na Cosaive gan a thuilleadh moille. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhforáiltear go réiteofar stádas na struchtúr agus na seirbhísí a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbia i gcomhréir leis na comhaontuithe ar thángthas orthu san idirphlé arna éascú ag an Aontas agus le dlí na Cosaive.

93. Meabhraítear don Chomhairle gur gá clár oibre **Ghrúpa Speisialta na Cosaive um Normalú** a leasú chun oibleagáidí na Cosaive a léiriú, oibleagáidí dá dtagraítear sa Chomhaontú maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe agus san Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis.

94. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an obair atá ar siúl ag **Sain-Dlísheomraí na Cosaive agus ag Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe** agus go dtacaíonn sí leis an obair sin agus leagann sí béim ar a thoilteanaí atá sí cabhrú leo a sainordú a chur chun feidhme.

95. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá dlúthchomhar na Cosaive le misean **EULEX**, chomh maith le gníomhaithe ábhartha idirnáisiúnta eile.

96. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna a thug an Chosaiv chun a gealltanais in **CEFTA** a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí dheireadh a chur lena cinneadh toirmeasc a chur ar allmhairiú earraí de thionscnamh na Seirbia, cinneadh ar cheart é a chur chun feidhme ina iomláine go pras.

97. Molann an Chomhairle an Chosaiv go mór as an gcáineadh a rinne sí i dtaca le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, as a hailíniú deonach leanúnach le **CBES an Aontais** agus as bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme go leanúnach, ar léiriú láidir é ar rogha straitéiseach na Cosaive agus áit na Cosaive i bpobal atá bunaithe ar luachanna.

**AN TUIRC**

98. I gcomhréir leis na conclúidí uile ón gComhairle agus ón gComhairle Eorpach a eisíodh roimhe seo maidir le caidreamh na Tuirce leis an Aontas Eorpach, leagann an Chomhairle béim ar **leas straitéiseach** an Aontais timpeallacht chobhsaí shlán a bheith sa Mheánmhuir Thoir agus caidreamh comhoibritheach comhthairbheach a fhorbairt leis an Tuirc.

99. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé **faoi réir le dul i gcomhar** leis an Tuirc i réimsí leasa choitinn ar bhealach céimnithe, comhréireach agus in-aisiompaithe, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí Aibreáin 2024, agus faoi réir coinníollachtaí seanbhunaithe.

100. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí na **céimeanna nithiúla** a tugadh sa chomhthéacs sin, mar shampla an chéad idirphlé ardleibhéil maidir le trádáil a reáchtáil, an t-idirphlé ardleibhéil maidir leis an ngeilleagar a athbhunú, agus an iarraidh ar an mBanc Eorpach Infheistíochta scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíocht a athbhunú de réir a chéile i réimsí tosaíochta, agus béim á leagan ar an earnáil phríobháideach. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí freisin go bhfuiltear ag leanúint den idirphlé maidir leis an mbeartas eachtrach agus saincheisteanna réigiúnacha, agus den idirphlé ardleibhéil idir an tAontas agus an Tuirc i réimsí earnálacha comhleasa, a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle Eorpach roimhe seo. Beidh rannpháirtíocht chuiditheach na Tuirce féin ríthábhachtach chun na réimsí éagsúla sa chomhar a chur chun cinn. I ndáil leis an méid sin, chun an comhar idir an tAontas agus an Tuirc a fheabhsú a thuilleadh, tá sé an-tábhachtach don Aontas Eorpach go n-atosófar na cainteanna maidir le réiteach a bhaint amach sa Chipir agus go ndéanfar dul chun cinn sna cainteanna sin.

101. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil **feabhas tagtha ar an gcaidreamh** idir an Tuirc agus an Ghréig agus tá sí ag súil go gcoinneofar an méid sin ar bun. Tugann an Chomhairle dá haire gur baineadh an lasóg den bharrach sa Mheánmhuir Thoir, agus nach mór sin a choinneáil ar bun.

102. Leanann an Chomhairle de bheith ag súil go dtabharfaidh an Tuirc gealltanas go huile is go hiomlán i ndáil leis an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus réiteach síochánta díospóidí, agus í ag dul ar iontaoibh na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta más gá. Mar a luadh i gconclúidí uile na Comhairle a bhaineann le hábhar, agus i nDearbhú an 21 Meán Fómhair 2005, athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór don Tuirc a hoibleagáidí faoin gCreat Caibidlíochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán neamh-idirdhealaitheach an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais i leith gach uile Ballstáit. Is den bunriachtanas é aitheantas na mBallstát uile a urramú. Ní mór don Tuirc a caidreamh le Poblacht na Cipire a normalú agus ceannasacht agus iomláine chríochach Bhallstáit uile an Aontais a urramú, chomh maith lena gcearta ceannasacha uile, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

103. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas lántiomanta **réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire** a bhaint amach, faoi chreat comhaontaithe na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis na rúin ábhartha uile ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe agus leis an *acquis*. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go mbeidh an Tuirc tiomanta réiteach síochánta den chineál sin a bhaint amach agus go rannchuidíonn sí go gníomhach leis, lena n-áirítear na gnéithe seachtracha a bhaineann leis. Ós díol sásaimh don Aontas na céimeanna a thug Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe le déanaí chun tús a chur an athuair leis na cainteanna faoi réiteach, tá sé réidh i gcónaí ról gníomhach a ghlacadh chun tacú le gach céim den phróiseas atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, le gach modh iomchuí atá ar fáil dó. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá stádas Varosha, cáineann sí gníomhaíochtaí aontaobhacha uile na Tuirce atá ag teacht salach ar na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus iarrann sí an athuair go gcuirfí ar neamhní láithreach iad. Iarrann an Chomhairle ar an Tuirc cloí le gach rún ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe Rúin 541, 550, 789 agus 1251.

104. Agus na conclúidí ón gComhairle agus ón gComhairle Eorpach a eisíodh sna blianta roimhe seo á meabhrú di, mar aon le gealltanais idirnáisiúnta na Tuirce lena mbaineann, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis mhór imní leanúnach di an staid mar atá i réimsí an **daonlathais, an smachta reachta agus na gceart bunúsach**. Is cúis imní ar leith é easpa leanúnach shistéamach neamhspleáchais na mbreithiúna agus an brú míchuí atá orthu, agus an iliomad srianta ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus a shábháilte atá sé sin a dhéanamh, lena n-áirítear saoirse na meán agus scaipeadh faisnéise chomh maith le méaraí bardasacha a toghadh go daonlathach a bhriseadh as a bpost agus méaraí eile a chur ina n-ionad. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di go bhfuil brú i gcónaí ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe iad siúd a bhíonn ag déileáil le mná, daoine LGBTI agus le cearta an duine. Iarrann an Chomhairle an athuair ar an Tuirc dlús a chur lena comhar le **Comhairle na hEorpa** agus lena comhlachtaí agus institiúidí ábhartha, aghaidh a thabhairt ar na príomh-mholtaí a rinne siad, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) agus ionstraimí idirnáisiúnta eile chearta an duine a bhfuil an Tuirc ina páirtí iontu a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus breithiúnais uile na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagal 46 de ECHR. Mar gheall ar mhainneachtain leanúnach na Tuirce rialuithe ECHR a chur chun feidhme, ardaítear ceisteanna faoi ghealltanais na tíre sin maidir leis an smacht reachta agus urraim do chearta bunúsacha, agus maidir lena hoibleagáidí idirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle ar an Tuirc na treochtaí diúltacha sna réimsí sin go léir a aisiompú go práinneach, agus aghaidh a thabhairt go hinchreidte ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh sa tuarascáil ón gCoimisiún.

105. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle an t-aistriú atá á dhéanamh ó lár 2023 i dtreo gnáthbheartais eacnamaíocha níos déine. Molann an Chomhairle don Tuirc leanúint de bheartais mhaicreacnamaíocha atá dírithe ar chobhsaíocht a chur chun feidhme agus leanúint d'aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le feidhmiú cuí gheilleagar margaidh na Tuirce, lena n-áirítear an timpeallacht institiúideach agus rialála.

106. Tá an **Ráiteas ón Aontas agus ón Tuirc** fós ar an gcreat is tábhachtaí don chomhar maidir leis an imirce agus tá ag éirí go maith leis i gcónaí. Lean an Tuirc agus an tAontas de bheith ag comhoibriú chun tacú le dídeanaithe agus le pobail óstacha sa Tuirc. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé an ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme go hiomlán agus go neamh-idirdhealaitheach, lena n-áirítear i leith Phoblacht na Cipire, chun tús a chur arís le fillteacha agus chun cosc a chur ar an inimirce neamhrialta gan a thuilleadh moille. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim freisin a ar riachtanaí atá sé go gcuirfeadh an Tuirc an Comhaontú um Athligean Isteach idir an tAontas agus an Tuirc chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach agus go gcomhoibreodh sí i réimse an cheartais agus gnóthaí baile le Ballstáit uile an Aontais, chomh maith le hailíniú le beartas víosaí an Aontais.

107. Meabhraítear don Chomhairle gur gá don Tuirc a hoibleagáidí a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann leis an **Aontas Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc** a chur chun feidhme, lena n-áirithítear go mbainfidh a chur i bhfeidhm éifeachtach leis na Ballstáit uile. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir le bacainní trádála a réiteach agus deireadh a chur le roinnt srianta, tá sí ag súil go leanfaidh an Tuirc den obair, agus go gcuirfidh sí dlús léi, chun deireadh a chur leis na bacainní trádála atá fós ann.

108. Aithníonn an Chomhairle na bearta nithiúla a rinne an Tuirc chun stop a chur leis an **teacht timpeall**, trína críoch, **ar smachtbhannaí an Aontais** i gcoinne na Rúise, bearta ar gá iad a chur chun feidhme agus a chomhlánú le tuilleadh iarrachtaí nuair is iomchuí. Tá comhar gníomhach leis an Aontas ríthábhachtach i gcónaí chun teacht timpeall na smachtbhannaí an Aontais a chosc agus a bhrath, lena n-áirítear maidir le hearraí dé-úsáide, chomh maith le hidirthuras bréagach agus ath-onnmhairiú earraí chuig an Rúis trí idirghabhálaithe tríú tír. Iarrann an Chomhairle ar Thoscaire Smachtbhannaí an Aontais measúnú a ullmhú ina leagfar amach torthaí na ngníomhaíochtaí a rinne an Tuirc i ndáil leis sin agus bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun a n-éifeachtúlacht a fheabhsú.

109. Aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach a bhí ag an Tuirc i dTionscnamh Gráin na Mara Duibhe agus i malartú na bpríosúnach i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

110. Is oth go mór leis an gComhairle ráta an-íseal ailínithe na Tuirce le **CBES an Aontais** agus neamhailíniú na Tuirce le bearta sriantacha an Aontais a glacadh mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus iarrann sí an athuair ar an Tuirc dlús a chur lena hailíniú le seasaimh agus bearta sriantacha CBES an Aontais agus go ndéanfar sin mar ábhar céadtosaíochta. Tá beartas eachtrach na Tuirce fós ag teacht salach ar thosaíochtaí an Aontais. Ní mór d'údaráis na Tuirce aghaidh a thabhairt air sin, lena n-áirítear faoi chuimsiú an idirphlé idir an tAontas agus an Tuirc maidir leis an mbeartas eachtrach agus saincheisteanna réigiúnacha.

111. Agus na conclúidí a eisíodh an bhliain seo caite á n-athdhearbhú aici, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil deireadh tagtha le caibidlíocht aontachais na Tuirce agus nach féidir aon chaibidlí eile a mheas lena n-oscailt ná lena ndúnadh.

**AN ÚCRÁIN**

112. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an **géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise** ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí i gcónaí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad agus do cheart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint. Agus tiomantas an Aontais á athdhearbhú aici do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach bunaithe ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta, i gcomhréir le príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí Phlean Síochána na hÚcráine agus, i gcás nach féidir aon tionscnamh a dhéanamh faoin Úcráin gan an Úcráin, athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin tiomantas buanseasmhach an Aontais tacaíocht leanúnach a thabhairt don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá agus a dhéine is gá, i gcomhréir freisin leis na gealltanais chomhpháirteacha slándála idir an tAontas agus an Úcráin a síníodh i mí an Mheithimh 2024.

113. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tacaíocht dhaingean an Aontais don Úcráin agus dá conair aontachais leis an Aontas, agus molann sí tiomantas na hÚcráine do phróiseas athchóirithe an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle gur cuireadh **tús** foirmiúil **leis an gcaibidlíocht aontachais** leis an Úcráin i mí an Mheithimh 2024 agus an dul chun cinn mór a rinneadh le bliain anuas maidir le hathchóiriú in ainneoin na ndúshlán eisceachtúil a d'eascair as cogadh foghach na Rúise. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh de réir mar a beartaíodh maidir leis an bpróiseas scagtha agus tá sí ag tnúth lena thabhairt chun críche, agus leis na chéad chéimeanna eile i bpróiseas aontachais na hÚcráine, eadhon oscailt na mbraislí, arb í braisle na mbunphrionsabal an chéad cheann a osclófar a luaithe is féidir, ach na coinníollacha a bheith comhlíonta. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí tacú le riachtanais dhaonnúla na hÚcráine, chomh maith le tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil, agus is díol sásaimh di an t-ailíniú idir na moltaí ón gCoimisiún sa tuarascáil uaidh maidir leis an Úcráin agus Plean na hÚcráine.

114. Tugann an Chomhairle dá haire go dearfach an dul chun cinn a rinneadh i réimsí tábhachtacha **an smachta reachta agus an athchóirithe ar an gcóras breithiúnach agus ar an riarachán poiblí**, ar nithe iad atá ríthábhachtach i gcónaí chun athléimneacht na hÚcráine a neartú agus chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le próiseas an mhéadaithe. Is díol sásaimh don Chomhairle próiseas athnuachana leanúnach na gcomhlachtaí rialachais bhreithiúnaigh, go háirithe Ard-Chomhairle an Cheartais agus Coimisiún Ardcháilíochta Bhreithiúna na hÚcráine, agus an Chúirt Bhunreachtúil. Is den tábhacht é i gcónaí próisis roghnúcháin atá trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas a chur chun feidhme agus ba cheart leanúint de sin. Tá an Chomhairle ag tnúth le próiseas athnuachana leanúnach na mbreithiúna, go háirithe an Chúirt Uachtarach. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur dhaingnigh an Úcráin Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus iarrann sí ar an Úcráin bearta breise a dhéanamh chun ailíniú iomlán intíre a áirithiú.

115. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an creat reachtach agus institiúideach maidir le **cearta bunúsacha** i bhfeidhm agus tá sí ag tnúth lena chur chun feidhme agus lena chomhdhlúthú a thuilleadh. Molann an Chomhairle don Úcráin leanúint dá hiarrachtaí an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán a neartú i gcomhréir leis na moltaí ón gCoimisiún, in ainneoin na ndúshlán a d'eascair as cogadh foghach na Rúise, lena n-áirítear leanúint dá hiarrachtaí tírdhreach trédhearcach, iolraíoch agus neamhspleách na meán a choinneáil ar bun agus a athbhunú de réir a chéile. Ní mór na hiarrachtaí chun cur i gcoinne trasnaíocht eachtrach agus cúbláil faisnéise a bheith i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

116. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí an reachtaíocht leasaithe maidir le **cearta na ndaoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad a chosaint**. Ba cheart leanúint den reachtaíocht sin a chur chun feidhme chomh maith leis na gealltanais a thug an Úcráin, i gcomhréir le creat caibidlíochta an Aontais.

117. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag an Úcráin chun feidhmiú neamhspleách agus éifeachtach na n-institiúidí **in aghaidh an éillithe** a áirithiú. Molann an Chomhairle don Úcráin leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós ann agus an creat institiúideach in aghaidh an éillithe a neartú a thuilleadh, teorainneacha faoin reachtaíocht nós imeachta choiriúil, srianta foirne agus an cuntas teiste maidir le cásanna éillithe ardleibhéil. Ina theannta sin, molann an Chomhairle don Úcráin na bearta maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac agus na himscrúduithe airgeadais a neartú a thuilleadh.

118. Maidir leis na critéir eacnamaíocha, admhaíonn an Chomhairle na deacrachtaí eisceachtúla atá ag an Úcráin maidir le beartas airgeadaíochta agus rialachas **eacnamaíoch** iomlán a dhéanamh faoi na cúinsí reatha, agus tugann sí dá haire, mar phointe dearfach, maidir leis sin, go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ag an Úcráin chun geilleagar margaidh feidhmiúil a bhunú.

119. Molann an Chomhairle na hiarrachtaí atá déanta ag an Úcráin chun feabhas a chur ar an t**slándáil fuinnimh** agus ar neamhspleáchas an tsoláthair i gcomhthéacs i bhfianaise ionsaithe leanúnacha na Rúise ar bhonneagar fuinnimh agus sibhialtach na hÚcráine. Tá an tAontas faoi réir chun leanúint de thacaíocht a chur ar fáil chun slándáil fuinnimh na hÚcráine a mhéadú ar bhonn práinne agus athléimneacht chóras fuinnimh na hÚcráine a neartú, agus tacaíocht a chur ar fáil chun bonneagar fuinnimh na hÚcráine a atógáil.

120. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí **comhar earnálach an Aontais** leis an Úcráin agus a lánpháirtiú i margadh inmheánach an Aontais a dhoimhniú a thuilleadh, ar bhonn cur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin lena n-áirítear an limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála.

121. Molann an Chomhairle tiomantas straitéiseach na hÚcráine dá chonair i dtreo an Aontais agus a ailíniú iomlán le seasaimh **CBES an Aontais** agus le bearta sriantacha. Molann sí don Úcráin leanúint den treocht dhearfach sin i dtreo ailíniú iomlán, lena n-áirítear i gcomhréir le prionsabail na ceannasachta agus na hiomláine críochaí i ngach stát.

**AN MHOLDÓIV**

122. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tacaíocht dhaingean an Aontais don Mholdóiv agus dá conair aontachais leis an Aontas, agus molann sí tiomantas na Moldóive do phróiseas athchóirithe an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle gur cuireadh tús foirmiúil leis an gcaibidlíocht aontachais leis an Moldóiv i mí an Mheithimh 2024 agus an dul chun cinn mór maidir le hathchóiriú a rinneadh le bliain anuas in ainneoin na ndúshlán mór a d'eascair as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus as ionsaithe hibrideacha i gcoinne na Moldóive féin. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh de réir mar a beartaíodh maidir leis an bpróiseas scagtha agus tá sí ag tnúth lena thabhairt chun críche, agus leis na chéad chéimeanna eile i bpróiseas aontachais na Moldóive, eadhon oscailt na mbraislí, arb í braisle na mbunphrionsabal an chéad cheann a osclófar a luaithe is féidir, ach na coinníollacha a bheith comhlíonta.

123. Maidir leis na **bunphrionsabail**, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint den dul chun cinn maidir le hathchóiriú, go háirithe i réimsí an smachta reachta agus na gceart bunúsach, lena n-áirítear cearta na ndaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

124. De bhreis ar an dul chun cinn mór atá déanta, ní mór don Mholdóiv leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le h**athchóiriú** cuimsitheach **ar an gceartas**, lena n-áirítear an próiseas grinnfhiosrúcháin, chomh maith le **comhrac an éillithe**, agus béim á leagan ar na hinstitiúidí ábhartha a neartú agus cuntas teiste daingean a fhorbairt maidir le himscrúduithe agus ciontuithe, lena n-áirítear cásanna ardleibhéil éillithe. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chuige sistéamach na Moldóive maidir le bac a chur ar olagarcaithe agus molann sí go leanfaí leis an bplean gníomhaíochta a ghabhann léi a chur chun feidhme.

125. Tugann an Chomhairle dá haire réamhthorthaí na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE)/an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR), lena léirítear go raibh **toghchán** na hUachtaránachta agus an **reifreann maidir le ballraíocht san Aontas** an 20 Deireadh Fómhair socair agus dea-bhainistithe, in ainneoin iarrachtaí leanúnacha na Rúise ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a úsáid chun an bonn a bhaint den phróiseas daonlathach, lena n-áirítear trí ionadaithe áitiúla a úsáid. Is díol sásaimh don Chomhairle toradh an reifrinn, lena n-athdhearbhaítear tiomantas na Moldóive dá todhchaí san Aontas.

126. Molann an Chomhairle athléimneacht na Moldóive i bhfianaise ionsaithe **hibrideacha** na Rúise nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus athdhearbhaíonn sí tacaíocht leanúnach an Aontais, lena n-áirítear trí Mhisean Comhpháirtíochta an Aontais sa Mholdóiv. I bhfianaise thoghchán na parlaiminte in 2025, tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcur isteach seachtrach mailíseach a chomhrac, aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis a bhfuil tionchar aici ar na saoránaigh agus rannpháirtíocht lucht vótála a chothú. Ní mór na hiarrachtaí chun cur i gcoinne trasnaíocht eachtrach agus cúbláil faisnéise a bheith i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

127. Molann an Chomhairle an dul chun cinn stuama atá déanta ag an Moldóiv chun feabhas a chur ar an t**slándáil fuinnimh** agus ar neamhspleáchas an tsoláthair. Tá an tAontas faoi réir le leanúint de thacaíocht a thabhairt don earnáil sin. Ní mór don Mholdóiv dlús breise a chur le tionscadail bhonneagair a bhaineann le hidirnaisc leictreachais ar mhaithe le leochaileachtaí struchtúracha a laghdú.

128. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint d'**athchóirithe eacnamaíocha** claochlaitheacha, den chomhar earnálach agus de lánpháirtiú na Moldóive i margadh inmheánach an Aontais, ar bhonn chur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Mholdóiv, lena n-áirítear an limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála. Is díol sásaimh don Chomhairle an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bPlean nua Fáis don Mholdóiv, darb aidhm tacú le hathchóirithe socheacnamaíocha agus bunúsacha na Moldóive agus rochtain ar mhargadh aonair an Aontais a fheabhsú.

129. Tugann an Chomhairle dá haire go dearfach na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Moldóiv an **riarachán poiblí** agus an creat bainistíochta airgeadais phoiblí a neartú. Ní mór an acmhainneacht riaracháin agus institiúideach a neartú ar gach leibhéal. Ní mór leanúint den rannpháirtíocht shistéamach leis an tsochaí shibhialta maidir le hathchóirithe.

130. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas tacú le ceannasacht agus iomláine chríochach na Moldóive laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta.

131. Molann an Chomhairle an Mholdóiv go mór as an gcomhar comhsheasmhach atá ar bun aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, agus as a ailíniú iomlán diongbháilte le **CBES an Aontais**, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha an Aontais, ar léiriú follasach é ar thiomantas straitéiseach na Moldóive dá chonair i dtreo an Aontais. Molann an Chomhairle freisin an comhar tábhachtach leis an Aontas maidir le cosc a chur ar theacht timpeall ar smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise, agus is díol sásaimh di rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach na Moldóive i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoi CBSC an Aontais. Molann sí don Mholdóiv leanúint den treocht dhearfach sin i dtreo ailíniú, lena n-áirítear i gcomhréir le prionsabail na ceannasachta agus na hiomláine críochaí i ngach stát. Is díol sásaimh don Chomhairle an Chomhpháirtíocht Slándála agus Cosanta idir an tAontas agus an Mholdóiv lena réitítear an bealach do chomhar méadaithe i bpríomhréimsí.

**AN tSEOIRSIA**

132. I bhfianaise na gconclúidí is déanaí ón gComhairle Eorpach, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas faoi réir le tacú le muintir na Seoirsia agus iad ar a gconair Eorpach. Ag an am céanna, athdhearbhaíonn sí gur cúis mhór imní don Aontas na bearta a rinne rialtas na Seoirsia, lena n-áirítear an dlí a ghlac sé maidir le trédhearcacht an tionchair eachtraigh, chomh maith le reachtaíocht eile, atá ag teacht salach go huile agus go hiomlán ar na luachanna agus na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe agus ar cúlú é ar na céimeanna a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún maidir le stádas mar iarrthóir. Meabhraítear don Chomhairle gur thug an Chomhairle Eorpach dá haire i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair 2024 go gcuireann an ghníomhaíocht sin conair Eorpach na Seoirsia i mbaol, agus is é stop *de facto* leis an bpróiseas aontachais is toradh leis. Is oth leis an gComhairle an cinneadh a rinne rialtas na Seoirsia le déanaí maidir le próiseas aontachais an Aontais a chur ar fionraí go dtí 2028.

133. Cáineann an Chomhairle go géar an foréigean i gcoinne agóideoirí síochánta, ionadaithe na meán agus polaiteoirí. Ní mór d’údaráis na Seoirsia an ceart chun saoirse comhthionóil agus an ceart chun tuairimí a nochtadh a urramú, agus staonadh ó fhorneart a úsáid. Ní mór gach gníomh foréigin a imscrúdú agus na daoine atá freagrach a thabhairt chun cuntais.

134. Iarrann an Chomhairle ar údaráis na Seoirsia filleadh go práinneach ar chonair an Aontais agus **athchóirithe daonlathacha, cuimsitheacha inbhuanaithe** a ghlacadh, i gcomhréir le croíphrionsabail an lánpháirtithe Eorpaigh. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé filleadh ar chur chun feidhme na naoi gcéim a leagtar amach i dteachtaireacht 2023 ón gCoimisiún maidir le Méadú.

135. Is cúis mhór imní don Chomhairle an cúlú atá ag tarlú i réimsí an **daonlathais, an smachta reachta agus na gceart bunúsach**. Ní mór don tSeoirsia a rathú go n-urramófar cearta bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an tsaoirse comhthionóil, agus saoirse, neamhspleáchas agus iolrachas na meán, **mar aon le cearta daoine LADTI**.

136. Ní mór deireadh a chur leis an imeaglú, leis an bhforéigean agus leis an idirdhealú ar ionadaithe na sochaí sibhialta, ceannairí polaitiúla, gníomhaithe sibhialta agus iriseoirí sa tSeoirsia. Á mheabhrú di gur cuid ríthábhachtach d’aon chóras daonlathach an t**sochaí shibhialta fheidhmiúil**, iarrann an Chomhairle ar an tSeoirsia a áirithiú go mbeidh a sochaí shibhialta bhríomhar in ann feidhmiú gan bhac agus páirt ghníomhach, chuimsitheach agus fhóinteach a ghlacadh sa phróiseas ceaptha beartas.

137. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is cúis mhór imní di, réamhthorthaí ESCE/ODIHR, torthaí a léirigh go raibh roinnt mhaith easnamh agus pobal tinneallach deighilte i gceist le **toghchán** na parlaiminte an 26 Deireadh Fómhair. Chun feabhas a chur ar dhálaí d’fheidhmiú cuí na n-institiúidí daonlathacha, molann an Chomhairle go láidir don tSeoirsia neamhrialtachtaí toghchánacha agus líomhaintí ina leith a imscrúdú agus aghaidh a thabhairt orthu, agus aghaidh a thabhairt ar mholtaí eile ESCE/ODIHR agus chomhlachtaí Chomhairle na hEorpa, agus é á mheabhrú di gur céim de na naoi gcéim é athchóiriú cuimsitheach toghchánach freisin.

138. Iarrann an Chomhairle ar údaráis na Seoirsia gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh chun an **deighilt** atá ag dul i méid a shárú agus staonadh ó ghníomhaíochtaí a d’fhéadfadh an teannas polaitiúil a dhoimhniú a thuilleadh, mar atá an reitric fhrith-Aontais agus an bhréagaisnéis.

139. Is oth leis an gComhairle an cúlú i bh**feidhmiú na mbreithiúna**, agus an méadú atá ag teacht ar easpa neamhspleáchais na n-institiúidí i gcoitinne. Tá iarrachtaí suntasacha i dtreo athchóiriú cuimsitheach ar na breithiúna de dhíth go fóill, i gcomhréir le caighdeáin na hEorpa agus leis na moltaí ó Choimisiún na Veinéise. Tá an tábhacht chéanna ag baint le cuntas teiste láidir a fhorbairt maidir leis an éilliú agus an choireacht eagraithe a chomhrac, agus le gníomhaíochtaí maidir le bac a chur ar olagarcaithe a chur chun feidhme.

140. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire an leibhéal measartha ullmhúcháin agus an dul chun cinn teoranta atá déanta maidir le geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt. Molann an Chomhairle an cur chun feidhme leanúnach atá á dhéanamh ar bheartais fhónta fhioscacha agus airgeadaíochta agus molann sí don tSeoirsia neamhspleáchas an bhainc ceannais a neartú agus athchóirithe struchtúracha riachtanacha eile a chur chun feidhme.

141. Iarrann an Chomhairle ar an tSeoirsia na tagarmharcanna maidir le léirscaoileadh **víosaí** a chomhlíonadh ar bhonn práinne, lena n-áirítear trí ailíniú le beartas víosaí an Aontais, trí aghaidh a thabhairt ar iarratais ar thearmann gan bhunús agus trí chomhlíonadh na gceanglas maidir le cearta bunúsacha a áirithiú.

142. Tugann an Chomhairle dá haire cur chun feidhme leanúnach na Seoirsia maidir leis an g**Comhaontú Comhlachais** idir an tAontas agus an tSeoirsia, lena n-áirítear an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála.

143. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn an tAontas le **ceannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach** na Seoirsia laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus leagann sí béim ar a thiomanta atá an tAontas i gcónaí coinbhleachtaí a réiteach ar bhealach síochánta agus a thiomanta atá sé dá bheartas maidir le neamhaitheantas agus rannpháirtíocht, lena n-áirítear trí Mhisean Faireacháin an Aontais a bheith sa tSeoirsia.

144. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an-súil aici go gcuirfidh an tSeoirsia, mar chéad tosaíocht, dlús suntasach lena hiarrachtaí i dtreo ailíniú iomlán le seasaimh agus bearta sriantacha **CBES an Aontais,** lena n-áirítear iad siúd i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise, agus go ndéanfar sin mar ábhar céadtosaíochta agus i gcomhréir le prionsabail na ceannasachta agus na hiomláine críochaí i ngach stát. Iarrann an Chomhairle freisin ar údaráis na Seoirsia staonadh ó ghníomhaíochtaí agus ó ráitis i gcoinne sheasaimh an Aontais maidir leis an mbeartas eachtrach. Molann an Chomhairle don tSeoirsia leanúint den chomhar maidir le cosc a chur ar an teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais.